NACD
Coiste Comhairleach
Náisiúnta ar Dhrugaí

Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn

Lúnasa 2003 – Nollaig 2005

Fís:

Fócas náisiúnta a sholáthar i gcomhair na n-iarrachtaí uile a bhaineann le heolas agus a threoraíonn beartais na hÉireann maidir leis an mí-úsáid drugaí.

Misean:

Ghabh an CCND air féin na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Tacú leis an Rialtas chun iarmhairtí na mí-úsáide drugaí ó thaobh na sláinte, na sochaí agus an gheilleagair, a laghdú go suntasach trí shonraí tráthúla agus anailís ar thaighde a sholáthar;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar bhonn a chuid eolais agus bearnaí ar féidir aghaidh a thabhairt orthu trí thaighde a shonrú;
- Cinntiú gur fianaise ó thaighde eolaíochta a bheidh ina bhunús le beartais a cheapfar, seirbhísí a fhorbrófar agus le feabhas leanúnach ar gach ceann dá chur chuigeanna chun dul i ngleic leis an mí-úsáid drugaí in Éirinn;
- Oibriú go dlúth le Rannán Taighde ar Mhí-Úsáid Drugaí an Bhoird Taighde Sláinte, ag soláthar comhairle, ag comhordú iarrachtaí taighde agus ag uasmhéadú na húsáide a bhainfear as acmhainní;
- Tacú leis an Ionad Doiciméadaithe Náisiúnta agus é a chur chun cinn;
- Oibriú in éineacht leis na gníomhaireachtaí ábhartha ar bhonn náisiúnta chun taighde agus acmhainní a chomhordú;
- Rannpháirtíocht raon leathan páirtithe a chinntiú ar bhonn náisiúnta ó thaobh a chuid riachtanas taighde a chomhlíonadh agus torthaí a scaipeadh;
- Freastal ar na gníomhaíochtaí uile a bhaineann leis an mí-úsáid drugaí a laghdú agus soláthar á dhéanamh go scaipfear torthaí taighde, faisnéis agus sonraí eile go héifeachtach, rud a nascfaidh taighde leis an gcleachtas.

Luachanna:

Chomhaontaigh an CCND go mbeadh na luachanna seo a leanas ina dtreoir dó agus a chlár saothair á chur i bhfeidhm.

Déanfaidh an CCND na nithe seo a leanas:

- éagsúlacht a bhallraíochta a bhainistiú agus tiomantas a dhéanamh do chur chuige comhthola agus cinntí á ndéanamh;
- cultúr measa, dínite, trédhearcachta agus cothroime a chothú ina chuid oibríochtaí uile;
- a bheith oibiachtach agus faisnéis á bailiú agus á scaipeadh, ar aon dul lena thiomantas do Stráitéis Náisiúnta Drugaí 2001-2008;
- Tiomantas a dhéanamh do na caighdeáin is airde is féidir ó thaobh feabhais agus na hiompraíochta eiticiúla;
- Comhoibrithe agus comhpháirtíochtaí a thóraíocht sa chás gur mó an tairbhe a bheidh ann ó thaobh a sprioc a bhaint amach agus comhoibriú le gach duine a d'fhéadfadh leas a bhaint as bonn a chuid eolais.

Baile Átha Cliath

Arna foilsiú ag Oifig an tSoláthair

Le ceannach díreach ón
Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais,
Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2,

nó trí ordú poist ó Fhoilseacháin Rialtais, Rannóg Post-Tráchta,
4 -5 Bóthar Fhearchair, Baile Átha Cliath 2,
(Teil: 0 -6476834/35/36/37; Faics: 01-4752760)

PRN A6/2166

ISBN: 0-7557-7482-5

€5.00

© Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí 2006

Arna dhearadh ag First Impression

CLÁR

Brollach 4

Tuairisc an Chathaoirligh 5

Achoimre Feidhme 6

Buíochas 7

Gluais Téarmaíochta 8

1. Cúlra agus Feidhmeanna an CCND 9

Bunús 9

Feidhmeanna 9

2. Clár Saothair – Struchtúr agus Ballraíocht 10

An CCND 10

Fo-choistí 10

Clár Saothair/Cruinnithe 10

Téarmaí Tagartha 10

- Iarmhairtí 10
- Luathrabhadh agus Treochtaí atá ag teacht chun cinn 10
- Leitheadúlacht 11
- Cosc 11
- Cóireáil/Athshlánúchán 11

Taighde a Bhainistiú 11

- An Próiseas 11
- Grúpaí Comhairleacha um Thaighde 12
- Comhoibriú 12
- Plean Gnó 2005 - 2008 12
- Taighde Coimisiúnaithe 13
- Taighde arna dhéanamh le Cúnamh Deontais 13
- Taighde Inmheánach 13
- Cumarsáidí 13
- Achoimre ar Thaighde an CCND go dtí Nollaig 2005 14

3. Foilseacháin an CCND 15

4. Cumarsáid 17

Comhairle don Rialtas 17

Láithreán Gréasáin an CCND – www.nacd.ie 18

Caidreamh leis na Meáin Chumarsáide 18

Seimineáir agus Láithrithe 19

Cúrsaí agus Comhdhálacha 20

5. Taighde Leanúnach 22

Taighde Coimisiúnaithe Seachtrach Leanúnach 22

Taighde Inmheánach Leanúnach 23

6. Athbhreithniú Seachtrach ar an gCCND (2004) 25

7. Taighde - Leithdháiltí Maoiniúcháin 26

Aguisín 1

Ballraíocht Choiste an CCND 28

Aguisín 2

Tábla Bhallraíocht na bhFo-choistí 30

Aguisín 3

Gníomhaíochtaí arna nÉileamh ar an gCCND faoin Straitéis Náisiúnta Drugaí 32

BROLLACH

Is mór an t-údar pleisiúir dom fáilte a chur roimhe seo – an dara tuarascáil ar dhul chun cinn an Choiste Chomhairligh Náisiúnta ar Dhrugaí (CCND) – ó bunaíodh in 2000 é.

Comhlíonann an CCND an ról an-tábhachtach ó thaobh comhairle a thabhairt don Rialtas i ndáil le leitheadúlacht, cosc, cóireáil agus iarmhairtí na fadhbúsáide drugaí in Éirinn. Tháinig luach an CCND chun solais san athbhreithniú lárthéarma a rinneadh le déanaí ar an Straitéis Náisiúnta Drugaí. Cuireadh torthaí agus moltaí a d'eascair as taighde an CCND isteach ina ndlúthchuid den phróiseas athbhreithnithe seo. Leanann bearnaí sa taighde agus san eolas, a aithníodh sa chéad chlár saothair de chuid an CCND, ar aghaidh le léargais luachmhara a thabhairt don Rialtas. Tá an taighde ar cheann de chúig cholún Straitéis Náisiúnta Drugaí 2001 – 2008 a léiríonn go soiléir an tábhacht a bhaineann le sonraí agus faisnéis deachaighdeáin a bheith mar bhonn is mar thaca leis an déantóireacht bheartais sa réimse deacair casta seo.

Fuair meastóireacht *Talbot Associates* ar an gCCND, a choimisiúnaigh mo roinnse, gur sholáthair an CCND sárluach ar airgead. Bhí áthas ar an Rialtas síneadh a chur le sainordú an CCND chomh fada le 2008. Sa tréimhse go dtí 2008 atá fágtha, cuirfidh an CCND moltaí ón meastóireacht i ngníomh agus leanfaidh sé ar aghaidh lena chlár saothair a fhorbairt agus a leathnú.

Tá an-áthas orm go soláthraíonn an Tuarascáil seo ar Dhul Chun Cinn deis le raon leathan na dtionscadal taighde a rinneadh – nó atá ar siúl go leanúnach – faoi mhaoirseacht an Choiste a chur chun suntais. Is mian liom comhghairdeas a ghabháil leis an gCoiste agus lena Chathaoirleach, Dr Des Corrigan, as an mbealach éifeachtúil gairmiúil ina ndearna sé a chuid oibre go dtí seo. Is mian liom an tiomantas láidir atá taispeáinte ag baill as measc na n-earnálacha éagsúla a bhfuil ionadaíocht ar an gCoiste acu a admháil freisin. Is saibhre go mór an corpas oibre a táirgeadh go dtí seo de bharr a n-ionchuir agus a saineolais. Guím gach beannacht ar an gCoiste amach anseo agus táim ag súil go mór le torthaí an iliomad staidéar atá coimisiúnaithe acu a fheiceáil i gcaitheamh na míonna atá le teacht.

Noel Ahern TD
Aire Stáit a bhfuil freagracht air as an Stráitéis Náisiúnta Drugaí

TUAIRISC AN CHATHAOIRLIGH

Is pribhléid dom an tuarascáil seo ar ghníomhaíochtaí an CCND a chur i láthair an Aire Stáit a bhfuil freagracht air as an Straitéis Náisiúnta Drugaí. Agus sin á dhéanamh, gabhaim buíochas leisean agus lena oifigigh in Aonad Straitéise Drugaí na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta as ucht a dtacaíochta leanúna dár gcuid oibre. Bhí an t-Aire i gcónaí ar fáil dúinn le haghaidh faisnéisithe agus táimid buíoch de as a thiomantas d'obair an CCND.

Léirítear dian-obair fhoireann an CCND agus bhaill an Choiste sna Tuarascálacha agus Bullaitíní ardchaighdeáin atá tagtha amach ó 2003 i leith. Cuimsíonn na foilseacháin seo gach gné dár sainchúram ón Rialtas agus is fianaise iad ar ionchur Rúnaíochta diongbháilte a oibríonn go hiontach dian agus sin in éineacht le saineolas fíorghairmiúil tiomanta bhaill an Choiste. Gabhaim buíochas leo go léir as ucht a ndíograise agus a saineolais. Go háirithe is mian liom a chur in iúl a bhuíche is a airímid ar fad dár Stiúrthóir, Mairéad Lyons. Téann a cuid fuinimh, tiomantais agus dian-oibre i bhfeidhm orainn ar fad agus is pribhléid dom an deis a fháil chun oibriú léi.

Is de bharr a stiúrach agus a físe siúd gur éirigh linn an oiread dár gclár saothair a chur i gcrích. Mar a léiríonn an Tuarascáil seo, tháirg an CCND corpas suntasach oibre ábhartha agus creidimse gur dhaingnigh sé é féin mar chomhchuid bhuntábhachtach den Straitéis Náisiúnta Drugaí. Thug lear mór príomhpháirtithe leasmhara a smaointe agus tograí i rith an phróisis chomhairliúcháin agus tá na dearcaí a chuir siad in iúl dúinn tar éis dul chun tairbhe go mór dár gclár saothair.

Tá mo chomhghleacaithe agus mé féin muiníneach gur féidir linn cur leis na torthaí rathúla a tháinig le blianta beaga anuas agus go leanfaimid ar aghaidh le faisnéis agus comhairle a sholáthar a bheidh tráthúil, ábhartha agus a chabhróidh ar bhealach téagartha le spriocanna ár Straitéise Náisiúnta Drugaí a bhaint amach.

An Dr Des Corrigan
Cathaoirleach

ACHOIMRE FEIDHME

Is é seo an dara tuarascáil leis an gCCND ar a chuid gníomhaíochtaí taighde ó mhí Lúnasa 2003 go dtí mí na Nollag 2005, araon san áireamh. Tugtar fianaise ar an iomaí rud a bhain sé amach sa tuarascáil seo. Tráth an-bhisiúil ab ea é seo don CCND agus cuireadh an-chuid taighde i gcrích agus tá taighde eile ar siúl a chuireann go sustaintiúil leis an tuiscint ar an bhfadhbúsáid drugaí in Éirinn.

Chuireamar le dúshraith dhaingean shaothar na chéad trí bliana de chuid an CCND i rith na tréimhse seo ar bhealach córasach; tá fiche tuarascáil taighde foilsithe agus tá taighde coimisiúnaithe agus á choimisiúnú i roinnt réimse tábhachtach. Tá creidiúint do na nithe seo a baineadh amach dlite do dhianobair agus shaineolas an Choiste agus fhoireann an CCND, agus ní amháin dóibh siúd, ach dóibh siúd a rinne agus a bhí páirteach i dtaighde ar an mí-úsáid drugaí freisin; saincheist a théann i bhfeidhm ar gach duine i sochaí na hÉireann. Le cois obair a bpost substainteach féin, tugann baill an Choiste trí lá in aghaidh na míosa ar an meán do ghnó CCND.

Táthar ag deileáil le bearnaí i bhfaisnéis agus eolas ar an bhfadhbúsáid drugaí in Éirinn ar bhealach rianúil mionchúiseach trí thaighde inmheánach agus seachtrach lena chinntiú go gcuirtear sonraí agus fianaise a bheidh cothrom le dáta ar fáil don rialtas chun beartais a bhaineann le drugaí in Éirinn a threorú. Leanann an CCND ar aghaidh lena mhisean le cur chuige bunaithe ar fhianaise a thabhairt do bheartais agus chleachtais maidir le drugaí in Éirinn. Chonacthas gur tógadh agus gur forbraíodh láithreán gréasáin an CCND i rith na tréimhse seo freisin, rud a chabhraigh ar bhealach suntasach lánbhrí le feasacht agus tuiscint an phobail faoin bhfadhbúsáid drugaí a mhéadú. Tugtar cúlra an Choiste, a Chlár Saothair agus liosta an taighde a cuireadh i gcrích i rith na tréimhse Lúnasa 2003 to dtí Nollaig 2005 i gCaibidlí a hAon go dtí a Trí den tuarascáil seo. Féachtar ar réimse tábhachtach na Cumarsáide i gCaibidil a Ceathair. Cuirtear síos ar thaighde leanúnach i gCaibidil a Cúig agus tugtar achoimre ar an Athbhreithniú Seachtrach ar an gCCND i gCaibidil a Sé.

Luach saothair agus dearbhú ar leith ab ea meastóireacht chomh dearfach a fháil ar obair an CCND ó *Talbot Associates* agus athnuachan a fháil ar ár sainordú. Threisigh sé tiomantas an CCND le leanúint le bearnaí san eolas ar son na bpríomhpháirtithe leasmhara go léir a bhfreastalaímid orthu.

Is pribhléid leanúnach dom oibriú leis an gCCND agus lena Chathaoirleach, an Dr. Desmond Corrigan, a leanann a chuid spéise, stiúrach, saineolais agus díograise ar aghaidh le hobair an CCND a éascú. Táim faoi chomaoin go mór ag an Dr. Aileen O'Gorman, iar-Oifigeach Taighde, a d'imigh uainn tar éis ceithre bliana chun leanúint le spéiseanna i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Gabhaim buíochas le Muiris Ó Conchúir, Alan Gaffney, Declan Crean agus Mary Jane Trimble, iar-Bhainisteoirí Oifige, Bainisteoirí Oifige reatha agus an Rúnaíocht faoi seach, as a gcuid tiomantais agus dua le spriocanna an CCND a bhaint amach. Gabhaim buíochas chomh maith le Martha Doyle as ucht a cuid oibre ar an gCMTD, le hÚna Molyneux as ucht a cuid oibre mar Chúntóir Taighde agus le Catherine Darmody as ucht a cuid oibre leis an láithreán gréasáin a fhorbairt agus le cúrsaí eile maidir le Teicneolaíocht Fhaisnéise sa CCND.

Mairéad Lyons
Stiúrthóir

BUÍOCHAS

An Dr Teresa Whitaker – An Tuarascáil a Scríobh

Catherine Darmody, Uas. – Táirgeadh

An tUas. Alan Gaffney – Táirgeadh

Mairéad Lyons, Uas – Stiúrthóir

GLUAIS TÉARMAÍOCHTA

ACTED	Aonad Chomhairle Thamhlachta um Easpa Dídine
AFTDA	Aonad um Fhaisnéis agus Thaighde ar Dhrugaí agus Alcól
AND	Aonad Náisiúnta Drugaí (An Garda Síochána)
ASD	Aonad Straitéise Drugaí
BSD	Bord Sláinte an Deiscirt (Eanáir 2005: Réigiún an Deiscirt de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte)
BSLCT	Bord Sláinte Limistéar an Chósta Thoir (Eanáir 2005: Réigiún an Oirthir de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte)
BSLT	Bord Sláinte an Limistéir Thuaidh (Eanáir 2005: Réigiún an Oirthir de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte)
BSLTT	Bord Sláinte an Limistéir Thiar Theas (Eanáir 2005: Réigiún an Oirthir de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte)
BTS	An Bord Taighde Sláinte
CCAAÉ	Cumann na gComhairleoirí Alcóil agus Andúile in Éirinn
CCÉ	Cé na gCeannaithe Éireann
CCND	Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí
CETSTD	Cumann na hEorpa um Thaighde Sóisialta is Taighde ar Dhrugaí
CIAA	Comhairle Idirnáisiúnta ar an Alcól agus Andúile
COEÉ	Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann
CPCCB	Clár Phobal Chósta Chill Bharróg
CSPRA	Cumann Sláinte Poiblí na Ríochta Aontaithe
FOOD	Fóram na nOibrithe Oideachais ar Dhrugaí
FOCO	Fiosrúchán ó Othair Chónaitheacha in Ospidéal
FSND	Foireann na Straitéise Náisiúnta Drugaí
FSS	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
GCT	Grúpa Comhairleach um Thaighde
GID	Grúpa Idir-rannach ar Dhrugaí
IDN	Ionad Doiciméadaithe Náisiúnta
IMEDAD	Ionad Monatóireachta na hEorpa ar Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí
IOCE	Iris Oifigiúil an Chomhphobail Eorpaigh
LAA	Líonra Andúile na nAltraí
LCDD	Líonra um Chóireáil Dheonach do Dhrugaí
LCLMD	Lárliosta Cóireála do Lucht Mí-Úsáide Drugaí
MTF	Meitheal Taighde agus Faisnéise
RDCCAD	Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
RTMD	Rannán Taighde ar Mhí-úsáid Drugaí
SLÁN	Suirbhé Náisiúnta ar Shláinte agus Nósanna Maireachtála (Roinn Sláinte agus Leanaí)
SNTTC	Staidéar Náisiúnta Taighde ar Thorthaí Cóireála
TÁD	Tascfhórsa Áitiúil ar Dhrugaí
TRD	Tascfhórsa Réigiúnach ar Dhrugaí
T&É	Timpiste agus Éigeandáil
TAÓBM	Tionscadal Aicsin Óige Bhaile Mhunna
OSPS	Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte
UISCE	Aontas (lucht úsáide drugaí) ar son Seirbhísí, Cumarsáide agus Oideachais Fheabhsaithe *(Union (of drug users) for Improved Services, Communication & Education)*
ÚSRO	Údarás Sláinte Réigiúnach an Oirthir (Eanáir 2005: Réigiún an Oirthir de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte)

Caibidil a hAon

CÚLRA AGUS FEIDHMEANNA AN CCND

Is é seo an dara tuarascáil ar dhul chun cinn an Choiste Chomhairligh Náisiúnta ar Dhrugaí (CCND) lena gcuirtear spriocanna agus gnóthachtálacha an CCND ó Lúnasa 2003 go dtí Nollaig 2005 i láthair.

Bunús

Bunaíodh an CCND ar bhonn neamhreachtúil in 2000 i gcomhair tréimhse tosaigh trí bliana ar cuireadh síneadh léi ina dhiaidh sin go dtí ceathrú bliain dar chríoch Iúil 2004. Rinneadh athnuachan ar shainordú an CCND tar éis athbhreithnithe seachtraigh. Tá an CCND faoi choimirce na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus tuairiscíonn sé don Aire Stáit a bhfuil freagracht air as Straitéis Náisiúnta Drugaí 2000 – 2008.

Feidhmeanna

Agus é á bhunú, leagadh feidhmeanna an CCND (an Coiste) amach mar seo a leanas:

- Bunaithe ar anailís agus léirmhíniú an Choiste ar thorthaí taighde agus ar fhaisnéis a bhíonn ar fáil dó, comhairle a thabhairt don Choiste Comh-Aireachta um Chuimsiú Sóisialta agus, tríd sin, don Rialtas, i ndáil le leitheadúlacht, cosc, cóireáil agus iarmhairtí na fadhbúsáide drugaí in Éirinn;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar fhaisnéis reatha agus ar inniúlacht taighde i ndáil le leitheadúlacht, cosc, cóireáil agus iarmhairtí na fadhbúsáide drugaí in Éirinn agus moltaí a dhéanamh, de réir mar is cuí, maidir le conas gur chóir aghaidh a thabhairt ar easnaimh lena n-áirítear conas an úsáid a bhainfear as faisnéis a bhíonn ar fáil ón earnáil phobail agus dheonach a uasmhéadú;
- Maoirseacht a dhéanamh ar mar a sheachadfar clár taighde agus meastóireachta trí bliana arna eagrú de réir tosaíochtaí faoi mar a mhol an Coiste Comhairleach Eatramhach leis na bearnaí agus riachtanais tosaíochta arna n-aithint tríd an méid seo a leanas, a chomhlíonadh:
  a) úsáid a bhaint as inniúlacht ghníomhaireachtaí ábhartha a bhíonn i mbun an bhailiúcháin faisnéise agus taighde, idir reachtúil agus neamhreachtúil, le heilimintí an chláir a sheachadadh;
  b) idirchaidreamh a dhéanamh leis na gníomhaireachtaí seo d'fhonn na hacmhainní arna leithdháileadh leis an gclár a sheachadadh, a uasmhéadú agus le dúbailt a sheachaint;
  c) tionscadail taighde a chomhordú agus comhairle a thabhairt ina dtaobh i bhfianaise an chláir tosaíochta;
  d) tionscadail taighde nach féidir a chomhlíonadh tríd an inniúlacht atá ann cheana féin, a choimisiúnú.
- Taighde breise a choimisiúnú ar iarratas an Rialtais, ar shaincheisteanna ábhartha maidir le drugaí a bhaineann le beartais;
- Oibriú go dlúth leis an mBord Taighde Sláinte (BTS) le bunachar sonraí náisiúnta faisnéise/taighde a bhunú (i ndáil le leitheadúlacht, cosc, cóireáil agus iarmhairtí na fadhbúsáide drugaí) a bheidh sorochtana; agus
- Comhairle a thabhairt do ghníomhaireachtaí ábhartha a bhfuil sé de shainchúram orthu feasacht níos mó i measc an phobail a chur chun cinn maidir leis na saincheisteanna a thagann chun cinn i ndáil leis an bhfadhbúsáid drugaí agus díospóireacht a chur chun cinn agus a spreagadh trína thorthaí taighde a scaipeadh.

Caibidil a Dó

CLÁR SAOTHAIR – STRUCHTÚIR AGUS BALLRAÍOCHT

An CCND

Conas a bhaineann an CCND a aidhmeanna amach? Is de thoradh a chórais lena bhfuil bonn leathan faoina choiste, atá rath an CCND den chuid is mó. Léiríonn ballraíocht an CCND raon na bpeirspictíochtaí difriúla i réimse na mí-úsáide drugaí. Fónann na baill ar chuireadh an Aire Stáit agus roghnaíodh iad as na hearnálacha reachtúla, pobail, deonacha agus taighde acadúla mar aon le hionadaíocht ardleibhéil ó na Ranna ábhartha Rialtais.

Fo-choistí

Tá cúig fho-choiste a thagann as an bpríomhchoiste (féach aguisín 2) a scrúdaíonn saincheisteanna ábhartha a bhaineann leis an bhfadhbúsáid drugaí, sna réimsí maidir le leitheadúlacht, cosc, cóireáil, iarmhairtí agus luathrabhadh/treochtaí atá ag teacht chun cinn. Chuir na fo-choistí seo ar chumas an CCND aghaidh a thabhairt ar chlár fairsing taighde. Baineann a gcuid oibre le ceisteanna cuí taighde a dhréachtadh, taighde a choimisiúnú, athbhreithniú a dhéanamh ar dhréacht-tuarascálacha sula seoltar ar aghaidh go dtí an coiste iad lena mbreithniú.

Clár Saothair/Cruinnithe

Bíonn ar an gcoiste cuid mhór oibre a dhéanamh leis an gclár saothair a chur i ngníomh. Idir Iúil 2003 agus Nollaig 2005, bhí sé chruinniú déag ag an bpríomhchoiste agus mhair gach cruinniú ar feadh trí uair an chloig. Lena chois sin, suíonn gach ball ar dhá fho-choiste ar an meán chomh maith le Grúpaí Comhairleacha aonair um Thaighde. Tá idir 12 agus 16 chruinniú reáchtáilte ag gach ceann de na fo-choistí éagsúla (Iarmhairtí, Cosc, Cóireáil, Leitheadúlacht agus LR/Treochtaí) freisin. Tá 1,000 uair ar an meán tugtha in aghaidh an duine don CCND agus do chruinnithe fochoistí, ar an gcuid is lú de is ionann sin agus 143 lá thar dhá bhliain go leith, nó cúig lá in aghaidh na míosa ar an meán. Don Stiúrthóir agus don Oifigeach Taighde, is ionann sin agus beagnach an tríú cuid dá n-ualach oibre.

Téarmaí Tagartha

D'fhéadfadh na freagrachtaí buntábhachtacha seo a leanas a bheith san áireamh i dtéarmaí tagartha do gach fo-choiste:

- Meastóireacht a dhéanamh ar na riachtanais taighde le haghaidh earnála sonraí nó réimse fócais shonraigh agus na riachtanais sin a dhéanamh amach;
- An cur chuige agus clár oibre i leith an taighde a chomhaontú;
- Ceisteanna buntábhachtacha an taighde a cheapadh;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar thograí taighde agus, más cuí, iad a fhaomhadh;
- Monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn tionscadal taighde;
- Tacú le forbairt pháipéar seasaimh don CCND.

Threoraigh clár saothair reatha an CCND gníomhartha an Choiste, a fho-choistí agus a fhoirne.

Iarmhairtí

Is é aidhm fho-choiste na **n-iarmhairtí** ná tionchar fadhbanna drugaí ar an tsochaí a scrúdú ó thaobh:

- básanna a bhain le drugaí;
- éifeacht drugaí ar an teaghlach agus ar phobail;
- an gaol idir drugaí agus an choireacht;
- na modhanna le dul i ngleic leis an núis shóisialta a bhaineann le mí-úsáid drugaí.

Luathrabhadh agus Treochtaí atá ag teacht chun cinn

Is é aidhm an fhochoiste um **luathrabhadh agus treochtaí atá ag teacht chun cinn** ná:

- Faisnéis ó fhoinsí naisiúnta agus an AE faoi Dhrugaí Sintéiseacha Nua arb údar imní iad i gcomhthéacs Chinneadh 2005/387/JHA na Comhairle maidir le malartú faisnéise, measúnú riosca agus rialú substaintí sícighníomhacha nua, a fháil, a roinnt agus monatóireacht a dhéanamh ar an bhfaisnéis sin thar cheann an CCND.
- Faisnéis, ar threochtaí atá ag teacht chun cinn agus ar phatrúin san úsáid drugaí go háirithe an úsáid ildrugaí agus rioscaí gaolmhara, a ghlacadh, a roinnt agus monatóireacht a dhéanamh ar an bhfaisnéis sin thar cheann an CCND;

- Monatóireacht a dhéanamh ar an tionscadal píolótach faoi threochtaí atá ag teacht chun cinn, atá á fhorbairt ag leibhéal an AE, measúnacht a dhéanamh ar a ábhartha is atá sé d'Éirinn agus cibé ar chóir é a chur i ngníomh sa tír seo;
- Tuairisciú don CCND ar bhonn ráithiúil faoi threochtaí atá ag teacht chun cinn agus Dhrugaí Sintéiseacha Nua, ach níos minice má mheastar gur gá sin mar gheall ar chúinsí.

Leitheadúlacht

Is é aidhm an fho-choiste **leitheadúlachta** ná:

- Méid agus cineál fadhbanna drugaí in Éirinn a dhéanamh amach;
- Fairsinge agus cineál na húsáide codlaidíneach, na húsáide ildruga agus patrúin úsáide drugaí (triallach, ócáideach, rialta, úsáid chun críocha nach chun críocha leighis agus fadhbúsáid) a dhéanamh amach go háirithe i measc daoine óga faoi bhun 25;
- Treochtaí atá ag teacht chun cinn agus spré ó thaobh na tíreolaíochta a aithint;
- Fairsinge agus cineál na fadhbúsáide drugaí ar oideas a dhéanamh amach;
- Leitheadúlacht lucht mí-úsáide drugaí nach bhfuil i dteagmháil le seirbhísí cóireála a dhéanamh amach.

Cosc

Is é aidhm an fho-choiste **choisc** ná:

- Éifeachtacht na samhlacha agus na gclár coisc atá ann cheana féin a scrúdú ó thaobh a dtionchair agus a dtorthaí, go háirithe maidir le hionstraimí meastóireachta arna bhforbairt ar leibhéal na hEorpa;
- Tabhairt faoi staidéir chomparáideacha ar shamhlacha difriúla agus tagairt ar leith á déanamh dóibh siúd atá i bhfeidhm i limistéir na dTascfhórsaí Áitiúla ar Dhrugaí (TFÁD) agus na dTascfhórsaí Réigiúnacha ar Dhrugaí (TFRD);
- Inaistritheacht samhlacha i measc spriocghrúpaí difriúla a dhéanamh amach.

Cóireáil/Athshlánúchán

Is é aidhm an fho-choiste **chóireála/athshlánúcháin** ná:

- Éifeachtacht na samhlacha agus na gclár cóireála agus athshlánúcháin atá ann cheana féin a scrúdú ó thaobh a dtionchair agus a dtorthaí;
- Tionchar shuíomh na cóireála a scrúdú;
- An comhthéacs ina dtarlaíonn athiompú a scrúdú;
- Tabhairt faoi staidéir fhadaimseartha ar éifeachtacht samhlacha cóireála agus athshlánúcháin atá ann cheana féin.

Taighde a Bhainistiú

Le cois an chláir thaighde inmheánaigh, déanann an CCND méid fairsing taighde a choimisiúnú go seachtrach trí phróiseas na dtairiscintí poiblí. Cuirtear Grúpaí Comhairleacha um Thaighde ar bun i gcomhair gach tionscadail sheachtraigh. Bítear in ann taighde ar conradh a chur i gcrích le tacaíocht na ngníomhaireachtaí iomadúla atá seachtrach don CCND amhail údaráis sláinte áitiúla, Bord an Ionaid Chóireála Drugaí, an Garda Síochána, na hospidéil agus grúpaí deonacha/pobail. Bailíonn na gníomhaireachtaí seo sonraí agus cuireann ar fáil don CCND iad.

An Próiseas

Bailíonn an CCND faisnéis trína chaidreamh le raon gníomhaireachtaí agus soláthraithe seirbhíse i réimse na handúile i ndrugaí, trí thaighde a choimisiúnú agus trí thaighde inmheánach a dhéanamh é féin. Tá seacht gcéim sa phróiseas coimisiúnaithe ina ndéanann an CCND: 1) ceist an taighde a chomhaontú, 2) an dearadh/modheolaíocht is oiriúnaí chun aghaidh a thabhairt ar an gceist, a chomhaontú, 3) treoir maidir le tairiscint a ullmhú, 4) an t-iarratas ar thairiscintí a eisiúint, 5) an conradh a bhronnadh, 6) cáipéis chuspóirí an tionscadail a chomhaontú, agus 7) aghaidh a thabhairt ar aon choimhlint leasa.

Agus an taighde curtha i gcrích, cuireann an taighdeoir tús le próiseas le tuarascáil a dhréachtadh ina ngníomhaíonn an CCND nó fo-ghrúpa ainmnithe mar léirmheastóirí piaracha le cáilíocht na cáipéise agus na dtorthaí a chinntiú.

Cuirtear dréacht-tuarascáil deiridh faoi bhráid an CCND ansin agus breithníonn agus pléann an CCND í thar tréimhse ama a athróidh de réir mhéid na hoibre nó go deimhin de réir chastacht na saincheiste. Ar deireadh, comhaontóidh an CCND moltaí don Rialtas agus leis sin, tionscnaítear próiseas foilseacháin. Ní fhoilsítear gach tuarascáil agus socraítear cé acu a fhoilseofar de réir go leor fachtóirí: an soláthraíonn an tuarascáil aon fhaisnéis nua, cibé an bhfuil sé díreach le haghaidh plé inmheánach faoi phleanáil a threorú nó an bhfuil an taighde lag nó fabhtach sa mhodheolaíocht nó san anailís. Is mian leis an gCCND an oiread foilseachán agus is féidir a bhaint amach de thoradh taighde arna choimisiúnú aige agus an taighde sin a scaipeadh ar a phríomhpháirtithe leasmhara sa Rialtas. Téann an CCND i mbun iarrachtaí fairsinge le torthaí óna thaighde a scaipeadh trí phreasráitis do na meáin chumarsáide, sheimineáir faisnéisithe agus chomhdhálacha.

Grúpaí Comhairleacha um Thaighde

Is é príomhról an Ghrúpa Chomhairligh um Thaighde ná tionscadail taighde a threorú agus a bhainistiú ón uair a cheaptar an smaoineamh go dtí go gcuirtear an taighde i gcrích. Cuimsítear an méid seo a leanas sna téarmaí tagartha:

1. Monatóireacht a dhéanamh ar an taighde agus tacú leis trí gach céim a fhorbartha;
2. Cáipéis chuspóirí an tionscadail a chomhaontú;
3. Eolas a thabhairt don phróiseas taighde agus forbairt nó breisiú/athruithe ar an dearadh a chomhaontú;
4. Comhairle phraiticiúil a sholáthar sa chás go dtagann deacrachtaí chun cinn i rith chéimeanna éagsúla an taighde;
5. Cinntiú go bhfaighfear faomhadh eiticiúil sa chás gur gá ón gcoiste ábhartha um eitic taighde;
6. Beartas an CCND maidir le foilsiú agus cóipcheart a chomhlíonadh de réir mar a luaitear i gconarthaí an CCND é;
7. Athbhreithniú a dhéanamh ar dhréachtaí tuarascálacha ar dhul chun cinn agus tuarascálacha deiridh agus aiseolas a sholáthar sa chás gur cuí maidir le riachtanais an CCND ó thaobh ábhair le breithniú agus le foilsiú;
8. Tuairisciú don CCND agus don fho-choiste cuí maidir le dul chun cinn tionscadal taighde;
9. Dréacht deiridh na tuarascála a bheidh le cur faoi bhráid an CCND a shíniú lena fhaomhadh agus a chomhaontú maidir le moltaí a bheidh le déanamh don Rialtas.

Bhí 60 cruinniú ar an meán de na Grúpaí Comhairleacha um Thaighde idir Lúnasa 2003 agus Nollaig 2005 (Iarmhairtí, Cosc, Cóireáil agus Leitheadúlacht). Mhair na cruinnithe ar feadh dhá uair an chloig agus caitheadh ceithre uair an chloig i mbun ullmhúcháin ar an meán. Lena chois sin, bhí ceithre chruinniú de ghrúpaí comhairleacha um thaighde le faighteoirí na Scéime Deontas Taighde don Earnáil Phobail/Dheonach.

Comhoibriú

Tá idirchaidreamh le gníomhaireachtaí seachtracha, chun na hacmhainní, arna leithdháileadh leis an gclár a sheachadadh, a uasmhéadú, ar cheann d'fheidhmeanna buntábhachtacha an CCND. Tá an CCND páirteach go gníomhach sa Straitéis Náisiúnta Drugaí agus tá moltaí curtha ina láthair aige bunaithe ar fhianaise taighde. Tá an Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaineachta agus Meitheal Taighde agus Faisnéise na Ríochta Aontaithe (MTFRA) ar ghníomhaireachtaí seachtracha eile a bhfuil lámh ag an gCCND leo.

An Oifig Bhaile sa RA a bhíonn ag éascú leis an MTFRA. Glacann Éire páirt ar chuireadh le heolas a roinnt agus smaointe a mhalartú. Is é a aidhm ná comhoibriú maidir le taighde agus deachleachtas a chur chun cinn agus taighde ar dhrugaí á fhorbairt agus monatóireacht á déanamh ar fhaisnéis sa RA (lena n-áirítear an Bhreatain Bheag, Albain agus Tuaisceart Éireann) agus i bPoblacht na hÉireann. Téann na comhráite seo chun tairbhe go díreach d'obair le deachleachtas a fhorbairt anseo. Reáchtáiltear cruinnithe na MTFRA go ráithiúil. De thoradh rannpháirtíocht an CCND i MTFRA, forbraíodh líonraí luachmhara a bhreisigh a chuid oibre go mór.

Plean Gnó 2005-2008

Forbraíodh an dara clár saothair de thoradh chinneadh Rialtais sainordú an CCND a athnuachan. Tugadh faoi phróiseas comhairliúcháin le grúpaí leasmhara buntábhachtacha agus príomhpháirtithe leasmhara chun féachaint ar a thuilleadh deiseanna taighde agus faisnéise.

Leanfar ar aghaidh leis an gclár reatha a leagadh amach thuas agus tá sin curtha ina chuid den phlean chomh maith le hobair le bearnaí leanúnacha inár gcuid eolais a aithint. Dhá réimse nua atá le forbairt ar aon dul le tosaíochtaí an Rialtais ná an tAthshlánúchán agus taighde ar Dhrugaí agus Coireacht.

Rinneadh an Plean Gnó le haghaidh 2005-2008 a athstruchtúrú chun na ceithre eilimint bhuntábhachtacha seo a leanas a chur san áireamh:

- Taighde Coimisiúnaithe
- Taighde arna Dhéanamh le Cúnamh Deontais
- Taighde Inmheánach
- Cumarsáidí

Léiríonn sé freisin na riachtanais ó thaobh ama agus acmhainní le haghaidh oibre forbartha riachtanaí gairmiúla agus le haghaidh bainistíochta agus riaracháin laistigh den CCND.

Taighde Coimisiúnaithe

Tá taighde ar cheann de cheithre cholún na Straitéise Náisiúnta Drugaí 2001-2008, rud a léiríonn go soiléir an tábhacht a bhaineann le faisnéis agus fianaise a bheith ar fáil le bheith mar bhonn is mar thaca ag an déantóireacht bheartais sa réimse ilghnéitheach seo. Díríonn clár an taighde choimisiúnaithe ar thionscadail taighde reatha a chur i gcrích, ar a bheith ag tabhairt faoi líon teoranta tionscadal "leanúna" nó tionscadail atá le déanamh athuair, agus ar a bheith ag féachaint ar réimsí taighde infhéideartha, go háirithe san athshlánúchán agus drugaí agus coireacht. Is fearr mar a líontar bearnaí in eolas agus i bhfaisnéis maidir le cleachtas bunaithe ar fhianaise trí thaighde coimisiúnaithe.

Taighde arna Dhéanamh le Cúnamh Deontais

Tá taighde deontaschúnta ina mhodh infhéideartha chomh maith leis an eolas agus na scileanna a fhorbairt a bheidh ag teastáil chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí taighde agus iad a bhainistiú. Forbraíonn an CCND an ghné seo trí chlár fócasaithe tacaí taighde a chur i ngníomh lena n-áirítear a bheith ag leanúint ar aghaidh lena Scéimeanna Deontais Taighde don Earnáil Phobail agus Dheonach atá ann cheana féin agus ag tacú le tionscaimh taighde na dTascfhórsaí Réigiúnacha agus Áitiúla ar Dhrugaí.

Taighde Inmheánach

Tá inniúlacht taighde inmheánaigh forbartha chun an Córas Monatóireachta ar Threochtaí Drugaí (CMTD) a chur i ngníomh chun na cuspóirí arna leagan amach faoin gClár don Rialtas agus faoin Straitéis Náisiúnta Drugaí a bhaint amach le haghaidh treochtaí nua ó thaobh drugaí nó treochtaí atá ag teacht chun cinn, a aithint. Tá an tionscnamh seo á phíolótú faoi láthair. Díreofar ar 'pháipéir seasaimh' a fhoilsiú freisin, a thabharfaidh léargais thráthúla don Rialtas ar shaincheisteanna reatha a bhaineann le drugaí.

Cumarsáid

Fágann feidhmeanna an CCND nach mór cumarsáid a dhéanamh ar go leor cúiseanna difriúla agus ar leibhéil dhifriúla. Tá straitéis Chumarsáide curtha i bhfeidhm chun an leas is fearr is féidir a bhaint as tionchar na dtionscnamh agus na n-aschur éagsúil, ó thaobh comhairle a sholáthar, torthaí a scaipeadh agus an clár oibre taighde a chur chun cinn. Is iad cuspóirí na straitéise cumarsáide ná:

- Comhairle agus faisnéisithe tráthúla a sholáthar don Aire ar shaincheisteanna buntábhachtacha agus ar threochtaí atá ag teacht chun cinn;
- Comhairle a thabhairt do sholáthraithe seirbhíse agus do cleachtóirí trasna earnálacha faoi thorthaí taighde ábhartha a d'fhéadfadh smaointeoireacht agus cleachtas reatha a threorú;
- An clár oibre taighde a chur chun cinn i measc na ndaoine is mó tionchair sna gníomhaireachtaí agus comhlachtaí sin a choimisiúnaíonn, a mhaoiníonn nó a thugann faoi thaighde a bhaineann le drugaí nó a chuireann taighde den sórt sin chun cinn agus/nó a bhfuil teacht acu ar shonraí ábhartha sa réimse seo;
- Feidhmiú ar son an CCND agus na hÉireann ag fóraim idirnáisiúnta.

Achoimre ar thaighde an CCND go dtí Nollaig 2005



FOILSEACHÁIN AN CCND

Chuir an CCND go leor tionscadal taighde i gcrích idir Lúnasa 2003 agus Nollaig 2005. Is ionann foilsiú agus bailchríoch phróisis taighde. Bheifí tar éis tabhairt faoin taighde iarbhír thar thréimhse shonraithe agus é a chur faoi athbhreithniú mionsonraithe ag an gCoiste roimh fhoilsiú. Tá na foilseacháin seo liostaithe in ord croineolaíoch.

1. Deireadh Fómhair 2003

Úsáid Drugaí in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann Chéad torthaí ó Shuirbhé 2002/2003 ar Leitheadúlacht Drugaí. Bullaitín 1 an CCND agus an tAonad um Fhaisnéis agus Thaighde ar Dhrugaí agus Alcól (AFTDA) laistigh den Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí i dTuaisceart Éireann.

2. Deireadh Fómhair 2003

Úsáid Drugaí in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann – Chéad Torthaí ó Shuirbhé 2002/2003 ar Leitheadúlacht Drugaí – Achoimre ar an Modheolaíocht. CCND agus AFTDA.

3. Nollaig 2003

Úsáid na Lóifeicseaidíne agus Siondróm Spleáchais ar Chodlaidínigh á Bhainistiú. An tIonad Faisnéise Náisiúnta ar Chógais ag Ospidéal Naomh Shéamais.

4. Nollaig 2003

Úsáid na Nalóicseoine agus Siondróm Spleáchais ar Chodlaidínigh á Bhainistiú (2003). An tIonad Faisnéise Náisiúnta ar Chógais ag Ospidéal Naomh Shéamais.

5. Nollaig 2003

Forléargas ar Úsáid an Chóicín in Éirinn. CCND

6. Feabhra 2004

Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn – Iúil 2000 go dtí Iúil 2003. CCND.

7. Márta 2004

Leitheadúlacht Úsáid na gCodlaidíneach in Éirinn 2000 – 2001. Suirbhé Gabhála-Athghabhála 3 Fhoinse. Dr Alan Kelly, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

8. Aibreán 2004

Úsáid Drugaí in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann Suirbhe 2002/200 3 ar Leitheadúlacht Drugaí. Bord Sláinte (Éire) agus Bord Sláinte agus Seirbhísí Sóisialta (Tuaisceart Éireann). Bullaitín Torthaí 2. CCND agus AFTDA.

9. Bealtaine 2004

Léirbhreithniú ar Chur Chuigeanna i leith Díobháil a Laghdú in Éirinn agus ar Fhianaise ón Litríocht Idirnáisiúnta. Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

10. Meán Fómhair 2004

Forléargas ar Fhaisnéis ón Eolaíocht agus ar Fhaisnéis eile ar an gCanabas. Dr Mark Morgan, Ceann na Roinne Oideachais ag Coláiste Naomh Pádraig, Droim Conrach, Dr Claire Collins, Stiúrthóir Taighde ar Shainchomhairleoirí um Thaighde Sóisialta agus Cliniciúil, an tUas. Johnny Connolly, Coireolaí agus Oifigeach Taighde le **Rannán Taighde ar Mhí-úsáid Drugaí** leis an mBord Taighde Sláinte agus Dr Dominique Crowley, Speisialtóir sa Leigheas Sláinte Poiblí.

11. Deireadh Fómhair 2004

Beinseadé-asaipíní – cén duine a bhfuil siad ina gcúntóirí beaga aige? Ról na mBeinseadé-asaipíní agus fadhbanna maidir le mí-úsáid substaintí ag teacht chun cinn i mBaile Munna. Tionscadal Aicsin Óige Bhaile Mhunna.

12. Deireadh Fómhair 2004

Staidéar ar leitheadúlacht na húsáide drugaí ag daoine óga i gceantar bruachbhailteach measctha. Clár Phobal Chósta Chill Bharróg.

13. Deireadh Fómhair 2004

Úsáid Drugaí i measc Pobal Nua in Éirinn: Staidéar Taiscéalach. Cé na gCeannaithe Éireann.

14. Deireadh Fómhair 2004

Hearóin – an díon meabhrach os cionn do chloiginn. Nascanna idir a bheith Gan Dídean agus Úsáid Drugaí. Aonad Comhairle Thamhlachta do Dhaoine gan Dídean.

15. Samhain 2004

Seirbhísí Sláinte Meabhrach agus Andúile agus Mar a Bhainistítear an Dédhiagnóis in Éirinn. Scoil an Altranais, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

16. Samhain 2004

Ról Seirbhísí Tacaíochta Teaghlaigh agus Drugaí á gCosc. Unique Perspectives

17. Aibreán 2005

Úsáid Drugaí i Measc an Daonra Gan Dídean in Éirinn. Cé na gCeannaithe Éireann

18. Meitheamh 2005

Úsáid Drugaí in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann - Chéad Torthaí (Athbhreithnithe) ó Shuirbhé 2002/2003 ar Leitheadúlacht Drugaí. Bullaitín 1. CCND agus AFTDA.

19. Meitheamh 2005

Úsáid Drugaí in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann Suirbhé 2002/2003 ar Leitheadúlacht Drugaí: Bord Sláinte (Éire) & Bord Sláinte agus Seirbhísí Sóisialta (Tuaisceart Éireann). Bullaitín Torthaí 2 (Athbhreithnithe). CCND agus AFTDA.

20. Deireadh Fómhair 2005

Úsáid Drugaí in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann. Suirbhé 2002/2003 ar Leitheadúlacht Drugaí: Torthaí Canabais. Bullaitín 3. CCND agus AFTDA.

21. Samhain 2005

Plean Gnó 2005-2008. CCND (ar an láithreán gréasáin amháin).

Caibidil a Ceathair

CUMARSÁID

I rith na tréimhse atá á tuairisciú (Lúnasa 2003 go dtí Nollaig 2005), tá 20 tuarascáil foilsithe ag an gCCND agus comhairle soláthraithe aige don Rialtas. Comhlíonann an CCND dhá cheann dá fheidhmeanna croílárnacha – mar atá, comhairle a sholáthar agus díospóireacht a chur chun cinn agus a spreagadh trí thorthaí a thaighde a scaipeadh – trína thaighde a fhoilsiú agus a scaipeadh. Cuireann an Coiste torthaí taighde ar tugadh faoi in iúl do lucht éisteachta leathan ilghnéitheach lena n-áirítear airí rialtais, oifigigh shinsearacha sa rialtas, ionadaithe polaitíochta, lucht déantóireachta beartais, soláthraithe seirbhíse, saineolaithe, grúpaí leasmhara ón bpobal, an t-aos taighde agus na meáin chumarsáide.

Fágann sé seo go mbíonn ar an gCCND faisnéis a chur i láthair a bheidh soiléir agus inrochtana ag raon daoine. Bíonn Achoimre Feidhme san áireamh i ngach foilseachán tuarascála a chuireann ar chumas duine an staidéar agus a thorthaí a thuiscint go tapa.

Thairis sin, chun pé scaipeadh a dhéanfar ar thorthaí an taighde ar tugadh faoi a bhreisiú, tacaítear le tuarascálacha a fhoilsítear trí ghníomhaíochtaí agus seimineáir idirchaidrimh leis na meáin.

Comhairle don Rialtas

Feidhm bhuntábhachtach de chuid an Choiste, ar bhonn anailíse agus léirmhínithe ar thorthaí taighde agus faisnéise a bhíonn ar fáil dó, ná comhairle a thabhairt don rialtas i ndáil le leitheadúlacht, cosc, cóireáil agus iarmhairtí na fadhbúsáide drugaí in Éirinn. Le cois na comhairle arna soláthar ag foilseacháin taighde, is ionann na réimsí sonracha seo a leanas agus iarratais dhíreacha ón rialtas:

- Ar iarratas an Aire Stáit agus faoi Ghníomh 98 den Straitéis Naisiúnta Drugaí, thug an CCND faoi thaighde ar an úsáid drugaí i measc grúpaí leochaileacha amhail Daoine gan Dídean agus an Lucht Siúil. Rinne an CCND sraith mholtaí don Rialtas chun seirbhísí d'úsáideoirí drugaí gan dídean a fhorbairt agus a fheabhsú, sraith a threoraigh an bealach a forbraíodh straitéis nua maidir leis an easpa dídine. Cuimsíodh ceithre réimse bhuntábhachtacha leis na moltaí: beartas agus pleanáil, cóireáil drugaí, laghdú díobhála, agus cóiríocht agus tithíocht.
- Tá an CCND ag súil le comhairle a sholáthar in 2006 ar thorthaí cóireála drugaí d'úsáideoirí codlaidíneach.
- D'éiligh Gníomh 100 den Straitéis Náisiúnta Drugaí go ndéanfaí taighde ar Chur Chuigeanna i leith Díobháil a Laghdú in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. Rinneadh moltaí don Riatlas maidir leis an infhaighteacht agus an rochtain ar chláir laghdaithe díobhála lena n-áirítear seirbhísí le snáthaidí a mhalartú.
- Coimisiúnaíodh taighde ar an gcanabas chun forléargas a sholáthar ar an bhfaisnéis eolaíochta agus ar fhaisnéis eile atá ar fáil. Tá moltaí déanta don Rialtas. Go háirithe, tharraing an tuarascáil aird ar na hiarmhairtí díobhálacha a ghabhann le canabas a chaitheamh agus ar an ngá le monatóireacht a dhéanamh ar láidreacht táirgí canabais in Éirinn.
- Mar chuid den chlár don Rialtas, bhunaigh an CCND Córas píolótach Monatóireachta ar Threochtaí Drugaí, lenar gabhadh faisnéis ó raon leathan foinsí ar threochtaí drugaí. Cuireadh tuarascáil isteach in éineacht leis an moladh go gcuirfí córas monatóireachta ar threochtaí drugaí i ngníomh in Éirinn. Tá an t-ábhar seo fós á bhreithniú ag an Rialtas.
- Iarradh ar an gCCND cáipéis fhaisnéisithe a sholáthar don Rialtas maidir leis an Athshlánúchán ó Dhrugaí chun tacú le 5ú colún a fhorbairt sa Straitéis Náisiúnta Drugaí. Soláthraíodh an faisnéisiú, arna chomhdhéanamh de léirmhíniú agus anailís ar litríocht, i Meán Fómhair 2005.
- De thoradh athruithe san Acht um Shláinte, Shábháilteacht agus Leas ag an Obair, 2005, tugadh cuireadh don CCND comhairle a thabhairt don Rialtas i ndáil le Rialacháin um Thástáil Drugaí sa Láthair Oibre a fhorbairt trí rannpháirtíocht i bpróiseas comhairliúcháin an Údaráis Sábháilteachta agus Sláinte.
- Freastalaíonn Cathaoirleach an CCND ar an nGrúpa Idir-Rannach ar Dhrugaí agus soláthraíonn comhairle go díreach ag an bhfóram seo ar shaincheisteanna amhail an Córas Faire ar Bhásanna a Bhain le Drugaí.

Láithreán Gréasáin an CCND – www.nacd.ie

Tá leasú substaintiúil déanta ar an láithreán gréasáin agus seoladh i mí na Bealtaine 2004 é, ag gníomhú mar uirlis luachmhar le faisnéis a scaipeadh. Bhí an tionscnamh seo ina thoradh ar iarracht foirne rí-shásúil a rinne foireann an CCND a d'oibrigh in éineacht le sainchomhairleoirí dearthóireachta seachtracha. Tá an láithreán gréasáin soiléir inrochtana agus soláthraíonn sé liostú cuismitheach ar nascanna le faisnéis ar an úsáid drugaí, ar chóireáil agus thaighde ó Éirinn, ón RA agus áiteanna níos faide i gcéin. Cuirtear an fhaisnéis i láthair go dátheangach trí mheán an Bhéarla agus na Gaeilge.

Soláthraíonn an leathanach baile faisnéis faoin gCCND, faoina chlár saothair, nuacht agus imeachtaí, fhoilseacháin, ghníomhaíochtaí taighde, mhaoiniúchán le haghaidh taighde agus nascanna le heagraíochtaí úsáideacha eile. Tá an láithreán ina acmhainn thábhachtach toisc go dtairgeann sé an fhéidearthacht le tuarascálacha agus cáipéisí ábhartha beartais a íoschóipeáil. Déantar faisnéis a thabhairt cothrom le dáta go rialta.

Cuirtear ainm, seoladh agus uimhir theileafóin an CCND i láthair go soiléir rud a éascaíonn le cumarsáid ó lucht féachana leathan. Is minic a fhaigheann agus a phléann an fhoireann le fiosrúcháin. Aimseoidh úsáideoirí infhéideartha a bhaineann úsáid as innill chuardaigh amhail *Google* nó *Yahoo*, nasc leis an gCCND trí eochairfhocail amhail 'drugaí', 'Éire', a chlóscríobh.

Caidreamh leis na Meáin Chumarsáide

Faoi mar a luadh, tá gníomhaíocht idirchaidrimh leis na meáin chumarsáide ina huirlis chumarsáide thábhachtach de chuid an CCND lena chinntiú go príomha go scaipfear torthaí agus moltaí fhoilseacháin an CCND go héifeachtach chuig a luchtanna éisteachta agus a bpríomhpháirtithe leasmhara. An dara pointe ná go gcinntíonn gníomhaíocht idirchaidrimh leis na meáin chumarsáide go mbíonn díospóireacht agus comhphlé níos eolasaí san earnáil chun réitigh ar fhadhbanna drugaí na hÉireann a spreagadh. Maidir leis seo, óstálann an CCND faisnéisithe agus seimineáir don phreas agus scaipeann sé preasráitis i gcomhuain le foilsiú tuarascálacha éagsúla.

Tagann dúshláin ó thaobh torthaí agus moltaí fhoilseacháin an CCND a chur in iúl go héifeachtach de thoradh chastacht shaincheist na ndrugaí. Chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán seo, óstálann an CCND faisnéisithe do na meáin chumarsáide i gcomhar le foilsiú tuarascálacha. Bíonn seisiún le haghaidh ceisteanna agus freagraí ina gcuid de gach faisnéisiú ina bhféachann an CCND le haon cheisteanna faoi ghnéithe dá thuarascálacha a fhreagairt. Dáiltear preasráiteas, ina leagtar amach torthaí buntábhachtacha na tuarascála agus moltaí an CCND de bharr na tuarascála, ar na meáin freisin. Cuirtear gach preasráiteas ar an láithreán gréasáin agus aistrítear go Gaeilge iad freisin.

Scaipeadh aon phreasráiteas déag ar raon leathan meán cumarsáide clóite agus craoltóireachta idir Lúnasa 2003 agus Nollaig 2005. Má iarradh amhlaidh, sholáthair ionadaithe an CCND agallaimh d'iriseoirí na meán clóite agus craoltóireachta, a bhfuil úsáid bainte astu ag iriseoirí le haghaidh giotaí fuaime ar bhullaitíní nuachta raidió agus teilifíse náisiúnta agus réigiúnacha. Glacann ionadaithe an CCND páirt go forleathan in agallaimh ar chláir chúrsaí reatha ar fud líonra raidió náisiúnta agus réigiúnach na hÉireann freisin. Mar shampla, idir Meán Fómhair 2004 agus Meán Fómhair 2005, soláthraíodh amuigh is istigh ar chúig agallamh déag do chláir chúrsaí reatha ar stáisiúin raidió réigiúnacha.

Léiríonn na samplaí seo a leanas a éifeachtaí is a scaiptear torthaí fhoilseacháin an CCND ar fud speictrim leathain d'asraonta na meán cumarsáide.

Fuarthas clúdach i seacht gcinn de pháipéir naisiúnta de thoradh fhoilsiú agus sheoladh na tuarascála 'Úsáid Drugaí i Measc an Daonra Gan Dídean in Éirinn' in Aibréan 2004. *(The Irish Times, Irish Independent, Irish Examiner, The Star, Irish Mirror, Irish Sun* agus *Daily Ireland)* lena n-áirítear tuairisceoireacht san Irish Times ar dhá lá dhifriúla. Ghlac Stiúrthóir an CCND, Máiréad Lyons, páirt i gcomhrá painéil ar chlár *Tonight with Vincent Browne* Raidió 1 RTÉ freisin. Craoladh giotaí fuaime éagsúla, le giotaí cainte ón Aire, ón gCathaoirleach agus ón Stiúrthóir, i gcaitheamh lá seolta na tuarascála ar: stáisiúin raidió náisiúnta, RTÉ a hAon, *2FM* agus *Today FM*; stáisiúin Bhaile Átha Cliath, *Newstalk 106, Q102, 98FM, FM104* agus stáisiúin réigiúnacha trí *Independent Network News (INN)*; déanann INN bullaitíní nuachta a shindeacáitiú chuig 28 stáisiún raidió réigiúnacha na hÉireann ar fud na tíre.

Ghin foilsiú Suirbhé 2002/2003 an CCND/AFTDA ar Leitheadúlacht Drugaí: Torthaí Canabais, clúdach i ngach nuachtán náisiúnta agus tablóideach freisin. Agus na meáin chumarsáide ar-líne san áireamh (m.sh. *Ireland.com*), foilsíodh deich n-alt nuachta san iomlán. Mar nuacht go príomha a bhí an clúdach sna meáin chlóite, agus tugadh spás dó ar na chéad leathanaigh nuachta de gach páipéar. Chlúdaigh príomhchraoltóirí na tíre, RTÉ, *TV3* agus *SKY* an seoladh freisin. I gcaitheamh lá an tseolta, thuairiscigh 31 bhullaitín nuachta (náisiúnta agus réigiúnach) torthaí buntábhachtacha na tuarascála san iomlán. Lean roinnt stáisiún ar aghaidh leis an tsaincheist a chlúdach ar feadh roinnt laethanta.

Seimineáir agus Láithrithe

Seimineáir

Réachtáladh 8 seimineár idir Lúnasa 2003 agus Nollaig 2005. An tAire Stáit a bhfuil freagracht air as an Straitéis Náisiúnta Drugaí, an tUas. Noel Ahern, TD, a d'oscail na seimineáir seo agus bhí Dr Des Corrigan, Cathaoirleach an CCND, ina chathaoirleach orthu den chuid is mó. Rinne an Stiúrthóir agus/nó an tOifigeach Taighde láithrithe maidir le hobair an CCND do líonraí éagsúla san earnálacha sláinte poiblí agus eolaíochtaí sóisialta. Tugadh cuirí do ranna Rialtais, Aonad Straitéise Drugaí, Fhoireann na Straitéise Náisiúnta Drugaí, Thasfhórsaí Réigiúnacha ar Dhrugaí, Thascfhórsaí Áitiúla ar Dhrugaí, sheirbhísí reachtúla um drugaí, sheirbhísí/ghrúpaí pobail um drugaí agus do sheirbhísí deonacha um drugaí, líonra tacaíochta teaghlaigh, Fheachtas Géarchéime Drugaí ar fud na Cathrach agus do na meáin chumarsáide.

Sa chás gur bhain sé le hábhar, tugadh cuirí d'earnálacha speisialaithe eile amhail an earnáil sláinte meabhrach agus an earnáil um easpa dídine agus tá siad nótáilte sna hachroimrí. D'fhreastail 100 duine ar an meán ar na seimineáir agus, mar gheall air sin, tá siad tar éis ardán a sholáthar d'earnáil na fadhbúsáide drugaí le gréasánú agus faisnéis, taithí agus eolas a roinnt.

Mar gheall ar líon beag na foirne sa CCND, chuir eagrúchán na seimineár cuid substaintiúil le hualach oibre na hoifige. Glacadh cinneadh in 2004 le faisnéisithe a óstáil do na meáin chumarsáide amach anseo agus gan seimineáir a óstáil chomh minic céanna.

Láithrithe do Luchtanna Éisteachta Buntábhachtacha

Agus misean an CCND á chomhlíonadh maidir le taighde a nascadh le cleachtas agus luach na comhoibre le gach duine a bhféadfadh leas a bhaint as bonn a chuid eolais, tugann an Stiúrthóir nó an tOifigeach Taighde léachtaí agus láithrithe go rialta.

2003

- *Andúil, The Wheel,* Teach *Carmichael,* Meán Fómhair.
- *Fórléargas ar Dhrugaí in Éirinn,* Cé na gCeannaithe Éireann/Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, Meán Fómhair.
- *Cosc na hÚsáide Drugaí: Forléargas ar Thaighde,* Léann na hAndúile, Cúrsa Aosoideachais, Co. Chill Mhantáin, Samhain.
- *Leitheadúlacht na hÚsáide Drugaí in Éirinn,* Comhdháil an Tascfhórsa Réigiúnaigh ar Dhrugaí, Óstán Heritage, Portlaoise, Samhain.
- Láithriú maidir le *Suirbhé ar an Daonra,* Nollaig.
- *Seimineár Cóicín,* Óstán *Mont Clare,* Nollaig.
- Láithriú maidir le h*Obair an CCND* don Mheitheal Chóireála Drugaí i bPríosúin, Nollaig.

2004

- Líonra Tacaíochta Teaghlaigh ar fud na Cathrach, Teach an Ardmhéara, Baile Átha Cliath, Aibreán (Seoladh Eolaire).
- Léacht do Mhic Léinn ar M.A. i Staidéir na hAndúile i Scoil Ghnó Bhaile Átha Cliath, Aibreán.
- Cruinniú Chomhordaitheoirí Náisiúnta Drugaí an AE, Meitheamh.
- Faisnéisiú faisnéise do Thascfhórsa Réigiúnach ar Dhrugaí i mBord Sláinte an Limistéir Thuaidh (Ionad *Axis*), Iúil.
- Ceardlann maidir le Leitheadúlacht, Tascfhórsa Réigiúnach an Oirdheiscirt ar Dhrugaí, Cill Chainnigh, Meán Fómhair.

2005

- Clár Feasachta ar Dhrugaí, Eanáir.
- Léacht do Mhic Léinn ar M.A. i Staidéir na hAndúile i Scoil Ghnó Bhaile Átha Cliath, Aibreán.
- *Córas Monatóireachta ar Thástáil Drugaí – Tuarascáil Tosaigh ar Staidéar Píolótach* do TFÁDaí agus TFRDaí, Aibreán.
- 'Andúil', Léacht do mhic léinn ar M.Sc. i Staidéir na hAndúile, Coláiste na Tríonóide, Meitheamh.
- Bord an Ionaid Chóireála Drugaí, Iúil.
- *Saincheisteanna buntábhachtacha a bhaineann leis an Scothchleachtas san Athshlánúchán ó Dhrugaí,* Láithriú do Mheitheal Athshlánúcháin Meán Fómhair.
- *Drugaí agus Teaghlaigh – Peirspictíochtaí Roinnte, Réitigh Roinnte,* Clár Oiliúna *Barnados* agus Ché na gCeannaithe Éireann, Halla Gheata na Páirce, Bóthar Conyngham, Baile Átha Cliath 7, Samhain.
- *Taighde a Choimisiúnú agus a Bhainistiú,* seimineár do TFÁD, Nollaig.

Cúrsaí agus Comhdhálacha

Cúrsaí ar Freastalaíodh Orthu (Lúnasa 2003-Nollaig 2005)

Chun éilimh an fhoilsithe taighde a chomhlíonadh, cinntíonn an CCND go bhfaigheann an fhoireann oiliúint agus forbairt i bhfeidhmchláir bhunriachtanacha bhogearraí amhail *Microsoft Word, Excel, Access, Powerpoint, Outlook* agus Pacáiste Staitistiúil i gcomhair na nEolaíochtaí Sóisialta. Freastalaíodh ar cheardlanna oiliúna um Shaoráil Faisnéise, agus cúrsaí san Airgeadas agus Rialachas agus Scileanna Scríbhneoireachta freisin.

Comhdhálacha agus Seimineáir ar freastalaíodh orthu (Lúnasa 2003-Nollaig 2005)

Ionas go mbeifí bord ar bord go maith le heolas agus cothrom le dáta le forbairtí go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta i réimse na mí-úsáide substainte, d'fhreastail an Stiúrthóir agus/nó an tOifigeach Taighde ar chomhdhálacha ábhartha lenar soláthraíodh deiseanna le gréasánú agus cumarsáid a dhéanamh freisin.

2003

1. *Substaint na hÓige: Úsáid Alcóil agus Drugaí i Measc Daoine Óga,* 3ú Comhdháil Bhliantúil, Ionad Taighde ar an Andúil, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Meán Fómhair.
2. *Úsáid an Chóicín i dTuaisceart Éireann – miotas nó réaltacht?* Óstán *Rosspark*, Ceanannas, Co. na Mí, Meán Fómhair.
3. *Treochtaí atá ag Teacht Chun Cinn,* Comhdháil na Breataine na hÉireann, Guernsey, Meán Fómhair.
4. Cumann na hEorpa um Thaighde Sóisialta ar Dhrugaí, 14ú Comhdháil Idirnáisiúnta, Deireadh Fómhair. Arna hóstáil ag an Institiúid um Thaighde Sóisialta ar Dhrugaí, Roinn an Dlí Choiriúil agus Choireolaíochta Dhámh an Dlí, Ollscoil Ghent, an Bheilg.
5. *Fóram ar Láthair Oibre an Todhchaí, Ardfheidhmíocht a Bhaint Amach i Láithreacha Oibre na hÉireann,* Comhdháil Taighde Idirnáisiúnta, Páirc an Chrócaigh, Samhain.
6. Comhdháil maidir le *Leitheadúlacht Drugaí*, Bré, Co. Chill Mhantáin, Samhain.

2004

7. *Taighde, beartas agus cleachtas a nascadh: Ceachtanna a foghlaimíodh, dúshláin amach romhainn,* Comhdháil Straitéiseach, Strasbourg. (Grúpa Pompidou, Grúpa Comhoibre chun an Mhí-Úsáid Drugaí agus an Gháinneáil Aindleathach i nDrugaí a Throid), Feabhra.
8. *Cleachtas Insteallta Úsáideoirí Drugaí a Insteallann,* Faisnéis ar Mhí-Úsáid Drugaí na hAlban, Feidhmeannas na hAlban, Aonad Idirghabhála Éifeachtaí, Feabhra.
9. *Páirtí Comhoibre Póilíneachta Clár faoi scáth an AE, Freagairt Ilghníomhaireachta ar Choireacht agus Fhadhbanna Sóisialta a Bhaineann le Cóicín,* An Garda Síochána, Márta.
10. *Straitéis an AE ar Dhrugaí – an bealach Ar Aghaidh,* Comhdháil Uachtaránachta na hÉireann ar an AE, Caisleán Bhaile Átha Cliath, Bealtaine.
11. *I dTreo Córais Chuimsithigh le Fadhbanna a Bhaineann le hAlcól a* Chóireáil, 4ú Comhdháil Bhliantúil, Ionad Taighde ar an Andúil, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Meán Fómhair.

12. *Cumann na hEorpa um Thaighde Sóisialta ar Dhrugaí,* 15ú Comhdháil Bhliantúil, Munich, An Ghearmáin, Deireadh Fómhair.

2005

13. Comhdháil: *Dorchadas ar Imeall an Bhaile: Mí-Úsáid na Hearóine i mBaile Átha Luain agus Portlaoise,* Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain, Eanáir.

14. Seimineár maidir le *Cáilíocht Sláinte Meabhrach – Do Dhearcaí,* arna óstáil ag Coimisiún Sláinte Meabhrach, Óstán Burlington, Baile Átha Cliath 4, Feabhra.

15. *16ú Comhdháil Idirnáisiúnta ar Dhíobháil a Bhaineann le Drugaí a Laghdú,* Béal Feirste, Tuaisceart Éireann, Márta.

16. *Meastóireacht ar Obair Thionscnamh 'Equal' Bhaile Bhlainséir 2002-2005,* Tionscnamh *Equal* Bhaile Bhlainséir, Bealtaine.

17. *Comhairle na Breataine na hÉireann,* Dún Éideann, Bealtaine.

18. Comhdháil chun *Forbairt Tacair Táscairí Náisiúnta maidir le Folláine Linbh* a sheoladh, Óstán Westbury, Baile Átha Cliath, Meitheamh.

19. *Nascanna Ríthábhachtacha,* Tascfhórsaí Áitiúla ar Dhrugaí ag Stiúradh na Freagairte, Ospidéal Ríoga Chill Mhaighneann, Deireadh Fómhair.

20. *Cumann na hEorpa um Thaighde Sóisialta ar Dhrugaí,* 16ú Comhdháil Bhliantúil, Halla an Bhaile, Cearnóg Albert, Manchain, RA, Deireadh Fómhair.

21. *Éagothroimí Sláinte ar Oileán na hÉireann – Clár Oibre le haghaidh Athruithe! Creating Connections,* Sláinte Ghleann Ríoga, Má Nuad, Co. Chill Dara, Samhain.

Caibidil a Cúig

TAIGHDE LEANÚNACH

Le cois an taighde arna fhoilsiú cheana féin, tá roinnt staidéar eile coimisiúnaithe ag an gCCND.

Taighde Coimisiúnaithe Seachtrach Leanúnach

Meastóireacht ar Scéim Phíolótach Dheontas Taighde an CCND don Earnáil Phobail agus Dheonach

Rinne *Kate Ennals Associates* meastóireacht ar Scéim Phíolótach Dheontas Taighde an CCND don Earnáil Phobail agus Dheonach. Fuarthas dréacht den tuarascail i Samhain 2005 agus tá sí á breithniú ag an CCND.

Staidéar Pobail

Chríochnaigh Dr Hilda Loughran agus Dr Mary Ellen McCann ón Roinn Beartais Shóisialta agus Oibre Sóisialta i gColáiste na hOllscoile Baile Átha Cliath Staidéar Pobail dhá bhliain. Leagadh spriocanna an staidéir phobail amach sa tairiscint chun taithí pobal ar an bhfadhb drugaí ó 1996 a ghabháil, d'fhonn mar a fhorbrófaí tacar táscairí pobail ar fhadhb drugaí sa phobal, a threorú. Soláthraíodh dréacht deiridh den tuarascáil don CCND i Samhain 2005 agus Achoimre Feidhme i Nollaig 2005 lena bhreithniú. Táthar ag súil lena fhoilsiú i lár go deireadh 2006.

Teaghlaigh – Taithí ar Thacaíocht

Scrúdaigh an staidéar cáilíochtúil seo taithí teaghlach a bhí ag lorg tacaíochta le go mbeidís in ann don fhadhbúsáid chodlaidíneach ag duine amháin nó níos mó den teaghlach. Ba é cuspóir foriomlán an staidéir ná tuiscint níos mó a fhorbairt ar na bealaí a lorg teaghlaigh, agus go háirithe, an duine sa teaghlach a raibh príomhchúram na haire air/uirthi, tacaíocht; an méid lena raibh siad ag súil agus iad á lorg agus an dearcadh a bhí acu ar leordhóthaineacht nó éifeachtacht na bhfreagairtí a fuair siad. Rinne Dr Carmel Duggan ó Shainchomhairleoirí Sóisialta agus Eacnamaíochta WRC an taighde seo. Cuireadh tuarascáil faoi bhráid an CCND ar 1ú Samhain 2005. Cuireadh tuarascáil ar dhul chun cinn agus imlíne ar dhréacht-tuarascáil isteach i Nollaig 2005 agus breithneofar í d'fhonn a foilsithe i lár 2006.

Staidéar 2002/2003 ar Leitheadúlacht Drugaí

Choimisiúnaigh an CCND agus AFTDA an chéad Suirbhé ar Leitheadúlacht Drugaí in Éirinn in 2002 agus thug MORI MRC faoi. Is é a aidhm ná fairsinge agus patrún na mí-úsáide drugaí ar oileán iomlán na hÉireann a dhéanamh amach; eisíodh Bullaitíní 1 agus 2 in 2003. Foilsíodh Bullaitín 3, lenar díríodh ar úsáid an chanabais agus ar dhearcaí ar an gcanabas, in 2005 agus tiocfaidh Bullaitíní 4, 5 agus 6 in 2006.

Staidéar ar Thoradh Taighde in Éirinn Chun Meastóireacht a Dhéanamh ar Éifeachtacht na Cóireála Drugaí (ROSIE)

Tá staidéar náisiúnta fadaimseartha á dhéanamh ag Dr Catherine Comiskey agus Dr Gemma Cox ó Ollscoil na hÉireann Má Nuad, arna dhearadh chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na cóireála agus straitéisí idirghabhála eile a mbaintear úsáid in Éirinn astu le haghaidh Siondróim Spleáchais ar Chodlaidínigh le húsáideoirí codlaidínigh ar daoine fásta iad. Tá an staidéar seo á dhéanamh i gcomhar leis an Ionad Taighde ar Mhí-Úsáid Drugaí i nGlaschú. Leanfar daoine a earcófar don staidéar ag trí eatramh ama; ag tús a gcóireála, 6 mhí agus 12 mhí ina dhiaidh. Fuarthas an dréacht-tuarascáil deiridh i Nollaig 2005.

Meastóireacht ar an bhFeachtas Náisiúnta Feasachta ar Dhrugaí

Choimisiúnaigh an CCND tionscadal taighde chun éifeachtacht an Fheachtais Náisiúnta Fheasachta ar Dhrugaí a rianú thar a thimthriall 3 bliana. Bronnadh an tairiscint in Iúil 2003 ar Dr Saoirse Nic Gabhainn agus Dr Jane Sixsmith, Ionad Staidéar Chun Sláinte a Chur Chun Cinn, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Rinneadh athbhreithniú le Céim a hAon ar an bpróiseas forbartha sa tréimhse roimh sheoladh an fheachtais. Scrúdófar le céim a dó an próiseas agus gníomhartha tar éis sheoladh an fheachtais in 2003. Déanfar athbhreithniú le Céim a Trí ar dhul chun cinn leanúnach an phróisis leis an bhfeachtas a chur i ngníomh. Tá tuarascáil deiridh le teacht i lár 2006.

An Lucht Siúil agus Saincheisteanna Drugaí

Chuir Fís 21 tús le taighde lena bhféachtar ar chineál agus fhairsinge na mí-úsáide drugaí i measc Phobal an Lucht Siúil in Éirinn i Lúnasa 2003. Tugadh faoin obair allamuigh ó Iúil 2003 go dtí lár 2004 agus cuireadh tuarascáil tosaigh faoi bhráid an Ghrúpa Comhairligh um Thaighde. Thug an tOllamh Jane Fountain, ón Ionad Eitneachais agus Sláinte, Ollscoil Lancashire (RA) faoi anailís mhionsonraithe ar na sonraí agus táthar ag súil le tuarascáil deiridh iomlán go luath in 2006.

Modh Gabhála Athghabhála 2- Fhoinse

Tá meastacháin leitheadúlachta á bhforbairt ag Dr Alan Kelly agus Conor Teljeur ó Aonad Taighde Sláinte na Limistéar Beag, Roinn Sláinte Pobail & Cleachtais Ghinearálta, Coláiste na Tríonóide, agus úsaid á baint acu as an modh Gabhála Athghabhála agus as dhá fhoinse sonraí (CTL agus Staidéar na nGardaí). Is é an cuspóir ná feidhmiú an mhodha a thástáil i leith staitisticí limistéir áitiúil chun meastacháin a fhorbairt maidir leis an leitheadúlacht áitiúil. Tá dréacht-tuarascáil inmheánach ar mheastacháin leitheadúlachta TFÁD curtha i gcrích. Tá faisnéisiú bunaithe ar an tuarascail seo á ullmhú ag an gCCND i gcomhar le Foireann na Straitéise Náisiúnta ar Dhrugaí a bheidh le cur thart go luath in 2006 chuig na TFÁDaí le haghaidh úsáide inmheánaí.

Taighde Inmheánach Leanúnach

Ina mhisean le hathbhreithniú a dhéanamh ar bhonn an eolais, agus bearnaí, ar féidir aghaidh a thabhairt orthu trí thaighde, a aithint, tá an CCND tar éis tabhairt faoi pháipéir inmheánacha a ullmhú chun díospóireacht ar shaincheisteanna buntábhachtacha a threorú. Féadfar roinnt de na páipéir seo a fhoilsiú in am agus i dtráth nó féadfaidh siad a bheith ina gcuid de thionscadal níos mó:

- Cuirfear Eatraimh Mhuiníne le haghaidh Suirbhé Uile-Éireann 2002/2003 ar Leitheadúlacht Drugaí i gcrích go luath in 2006.
- Tá athbhreithniú ar an Tástáil Drugaí sa Láthair Oibre ullmhaithe agus tá sé ag dul chuig an meitheal chun éascú le haighneachtaí maidir leis na rialacháin ar an tástáil drugaí sa láthair oibre.
- Tá Achoimre maidir le Díobháil Cheilte á ullmhú ar Thuarascáil Fhiosrúcháin ag Comhairle Chomhairleach ar an Mí-Úsáid Drugaí i Londain (2003); féachann an taighde seo le líon leanaí na n-úsáideoirí drugaí a mheas agus a riachtanais a aithint.
- Tá páipéar ar an úsáid ildrugaí curtha i láthair an ghrúpa comhairligh um thaighde don suirbhé ar an daonra chun cabhrú le sonraí a anailísiú.
- Staidéar VEID: Rinneadh obair thosaigh ar dhifríochtaí i leitheadúlacht an VEID in dhá phobal i mBaile Átha Cliath a thuiscint. Scrúdaíodh sonraí agus rinneadh agallaimh leo siúd a raibh lámh acu i saincheisteanna drugaí sna pobail seo ar feadh tamaill mhaith. Tá sé i gceist go reáchtálfaí grúpaí fócais ar deireadh le húsáideoirí drugaí sna pobail seo in 2006.
- Tá obair thacaíochta le tionscadail eile ina diminsean tábhachtach d'obair an CCND freisin, lena n-áirítear:
  - trascríobh iomlán 33 théip don Staidéar ar an Lucht Siúil,
  - athbhreithniú ar phleananna TFÁD, TFRD le haghaidh tagairte do riachtanais an Lucht Siúil, agus
  - féachaint ar mheastachán a dhéanamh ar líon leanaí na bhfadhbúsáideoirí drugaí in Éirinn.
  - Ullmhaíodh Achoimre Feidhme ar an Staidéar Pobail chun cabhrú leis an gCCND na saincheisteanna atá ag teacht chun cinn a chur i láthair an Ghrúpa Idir-Rannaigh ar Dhrugaí.

Faisnéisiú maidir leis an Scothchleachtas san Athshlánúchán

Bunaithe ar shraith chomhráite laistigh den fhochoiste Cóireála/Athshlánúcháin agus léirbhreithniú ar an litríocht a bhaineann leis an scothchleachtas san athshlánúchán ó dhrugaí, cuireadh páipéar faisnéisithe ar aghaidh chuig an Meitheal Athshlánúcháin arna bunú ag an Aonad Straitéise Drugaí. Cur chuige iomlánaíoch is ea an t-athshlánúchán ó dhrugaí lena soláthraítear 'leanúntas cúraim' d'fhadhbúsáideoirí drugaí ag cur ar a gcumas aghaidh a thabhairt ar a riachtanais (sláinte, úsáide drugaí, sóisialta, tithíochta, oideachais, agus/nó gairme) de réir mar is oiriúnaí dóibh féin; agus a bhfuil sé d'aidhm leis cáilíocht a saoil a uasmhéadú, chomh maith le cáilíocht saoil a dteaghlach agus pobail; agus ag cur ar a gcumas athimeascadh sa phobal. Ar an gcaoi sin, cuimsíonn an t-athshlánúchán ó dhrugaí idirghabhálacha a bhfuil sé d'aidhm leo an díobháil a bhaineann le húsáid drugaí ag duine a stopadh, a chobhsú agus/nó a laghdú chomh maith le haghaidh a thabhairt ar riachtanais níos leithne ó thaobh sláinte agus sóisialta a bhíonn ag an duine.

Chun an scothchleachtas a bhaint amach sa straitéis athshlánúcháin atá beartaithe, chomhairligh an CCND go gcaithfear roinnt saincheisteanna a bhreithniú:

i) struchtúir thrédhearcacha oiliúna agus fhostaíochta a bhunú d'oibrithe buntábhachtacha – ag tabhairt aghaidhe ar shaincheisteanna ó thaobh na hoiliúna creidiúnaithe, an cuimsiú i seirbhísí drugaí; cuntasacht, srl.

ii) teimpléid chaighdeánacha a fhorbairt mar ionstraimí measúnachta d'úsáideoirí drugaí ar chéimeanna difriúla dá n-úsáid drugaí;

iii) teimpléid a fhorbairt le haghaidh pleananna aonair maidir le cúram athshlánúcháin; agus

iv) prótacail a fhorbairt chun éascú a dhéanamh ar leibhéal na comhoibre agus roinnt faisnéise idir gníomhaireachtaí a bhíonn ag teastail chun pleananna cúraim roinnte a chur i ngníomh.

Córas Monatóireachta ar Threochtaí Drugaí

Rinneadh samhail an Chórais Mhonatóireachta ar Threochtaí Drugaí (CMTD), a chomhaontaigh an fochoiste Luathrabhadh/Treochtaí atá ag Teacht Chun Cinn agus an CCND, a phíolótú agus bhí sé d'aidhm leis dhá aschur a tháirgeadh i Nollaig 2004. Bhí tuarascáil ar threochtaí drugaí ar fud na hÉireann orthu seo chomh maith le tuarascáil mhodheolaíochta ar oibriú agus chostas an chórais CMTD. Cuireadh an t-eolas ba dheireanaí maidir le dul chun cinn faoi bhráid an fhochoiste L/TTCC. Bhí an príomhfhócas ar a bheith ag oibriúchánú dhá ghné bhuntábhachtacha na samhla CMTD, forbairt chórais Mhonatóireachta na Meán Cumarsáide ar thuairiscí sna meáin a bhaineann le drugaí, go sonrach, agus líonra náisiúnta monatóireachta ar threochtaí a bhunú. Reáchtáladh cruinnithe leis na TFRDaí agus TFÁDaí in Iúil 2003, cruinnithe a raibh sé d'fheidhm leo an méid a bhfuil an CCND ag súil le baint amach le forbairt an CMTD, a leagan amach.

Oibriú Idir Gníomhaireachtaí le Drugaí a Chosc

Tá an fochoiste Coisc ag féachaint ar an tsaincheist maidir le comhoibriú idir gníomhaireachtaí. Bhí go leor tuarascálacha, meastóireachtaí ar na próisis seo in Éirinn ach tá deacrachtaí ann go fóill. Tá sé ina dhúshlán ar leith dóibh siúd atá ag plé le Drugaí a Chosc. Táthar fós ag féachaint ar an tsaincheist seo.

Táscairí Feidhmíochta Buntábhachtacha

Tá cur chuige an Chárta Scór Cothromaithe á fhorbairt ag an gCCND lena chur i ngníomh ar bhonn píolótach in 2006. Tomhaiseann cur chuige an Chárta Scór Cothromaithe tacar táscairí feidhmíochta buntábhachtacha a léiríonn léargas cothromaithe ar dhul chun cinn an CCND trasna a fheidhmeanna buntábhachtacha uile. Is iad na Táscairí Feidhmíochta Buntábhachtacha ná:

- Seirbhís don chliant
- Éifeachtúlacht inmheánach
- Bainistíocht Airgeadais, agus
- Imeascadh.

Caibidil a Sé

ATHBHREITHNIÚ SEACHTRACH AR AN gCCND (2004)

Cheap an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta Talbot Associates chun athbhreithniú agus moltaí a dhéanamh ar obair an CCND i mí na Feabhra 2004. Cuireadh an tionscadal seo i gcrích i mí na Bealtaine 2004. Scrúdaíodh an méid seo a leanas leis an athbhreithniú:

- Struchtúir an CCND, agus bailíocht a théarmaí tagartha, a chláir shaothair agus spriocanna
- Gnéithe straitéiseacha agus feidhmeacha oibríochtaí an CCND, .i. struchtúr, foireann, scileanna, córais, stíl, straitéis agus luachanna roinnte
- A mhéid is a baineadh cuspóirí amach agus a cuireadh an clár saothair i ngníomh
- Eifeachtacht, éifeachtúlacht agus luach ar airgead chomhchodanna an CCND
- A mhéid is ar féidir táscairí feidhmíochta a fhorbairt agus a thomhas
- An timpeallacht inmhéanach agus seachtrach a bhfeidhmíonn an CCND laistigh de
- Comparáidí le heagraíochtaí/gníomhaíochtaí cosúil leis go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta
- Riocht an CCND i gcomhthéacs faisnéise agus thimpeallacht beartas na hÉireann maidir le drugaí
- Moltaí maidir le todhchaí an CCND.

Rinneadh an chonclúid san athbhreithniú gur chóir go leanfadh an CCND ar aghaidh sa chruth atá air faoi láthair toisc go bhfuil sé éifeachtach, go gcomhlíonann sé fíor-riachtanas agus go soláthraíonn sé sárluach ar airgead don Rialtas. D'fhéadfaí an luach seo a bhreisiú tuilleadh tríd an inniúlacht inmhéanach taighde a láidriú, trí chlár saothair níos fócasaithe a bheith acu agus trí tháscairí feidhmíochta buntábhachtacha a bhunú chun tacú leis an bhforbairt straitéiseach. Ba é an príomh-mholadh ná go gcuirfí síneadh leis an gCCND go mairfeadh sé chomh fada le ré na Straitéise Náisiúnta ar Dhrugaí, a dtagann deireadh leis in 2008.

Caibidil a Seacht

TAIGHDE – LEITHDHÁILTÍ MAOINIÚCHÁIN

(do Thionscadail Taighde arna gCoimisiúnú i rith na tréimhse 1ú Lúnasa 2003 go dtí 31ú Nollaig 2005)
(CBL san áireamh sa chás gurb infheidhme sin)

Iarmhairtí

Staidéar ar Thaithí Teaghlach agus iad ag Lorg Tacaíochta le Déileáil le hÚsáid na Hearóine
Dr Carmel Duggan, Sainchomhairleoirí Sóisialta & Eacnamaíochta WRC Teo. €133,680.00

Staidéar Taiscéalach ar shaincheisteanna VEID in dhá phobal
An tUas. Declan Reddy €5,980.00

Luathrabhadh Treochtaí atá ag Teacht Chun Cinn

Córas Monatóireachta ar Threochtaí Drugaí (CMTD) Staidéar Píolótach
Inmheánach €62,908.99

Leitheadúlacht

Staidéar Gabhála Athghabhála 2 Fhoinse
Dr Alan Kelly, Coláiste na Tríonóide €13,479.40

Staidéar ar an Úsáid Drugaí i measc Phobal an Lucht Siúil (Anailís ar shonraí agus tuarascáil a ullmhú)
An tOllamh Jane Fountain, Ionad Eitneachais agus Sláinte, Ollscoil Lár Lancashire €37,481.87

Cosc

Meastóireacht ar an bhFeachtas Náisiúnta Feasachta ar Dhrugaí
Dr Saoirse Nic Gabhainn agus Dr Jane Sixsmith, Ionad Staidéar Chun Sláinte a Chur Chun Cinn, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh €72,600.00

Léirbhreithniú Gairid Litríochta ar phróisis oibre idir gníomhaireachtaí in Éirinn
Liz Riches, Uas. €1,250.00

Tacaíocht Taighde – Cáipéis Smaointeoireachta Imlíneach a Fhorbairt ar an oibriú idir Gníomhaireachtaí
Burtenshaw Kenny Associates €1,633.50

Cóireáil

Síneadh ar an Staidéar Fadaimseartha
Dr Catherine Comiskey & Dr Gemma Cox, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad €101,473.30

Scéim Dheontas Taighde don Earnáil Phobail agus Dheonach

Meastóireacht ar an Scéim
Kate Ennals, Uas. €18,710.00

Gníomhartha/Gníomhaíochtaí Tacaíochta

Caidrimh Phoiblí

Monatague Communications

Lúnasa '03 – Nollaig '03	€21,400.92	
2004	€64,282.08	
2005	€12,817.11	
		€98,500.11

Iomlán arna Leithdháileadh **€547,697.17**

Caiteachas an CCND

Cuireann an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta buiséad bliantúil amuigh is istigh ar €1.3 milliún i leataobh i dtreo fheidhmiú an CCND. Leithdháiltear 70% den bhuiséad seo ar mhaoiniúchán taighde agus an 30% eile ar riarachán ginearálta.

Tá na figiúir a chuirtear i láthair ina gcur síos ar chaiteachas an CCND ar thaighde agus ar riarachán ginearálta i rith na treimhse 1ú Lúnasa 2003 go dtí 31ú Nollaig 2005. Tá airgeadas an CCND comhtháite laistigh de chuntais ghinearálta na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.

Caiteachas an CCND ar thionscadail taighde nua agus a bhí ann cheana féin, lena n-áirítear tacaíocht sheachtrach shaineolach, i rith na treimhse 1ú Lúnasa 2003 go dtí 31ú Nollaig 2005.

€1,380,362.75

Caiteachas an CCND ar riarachán ginearálta, lena n-áirítear pá, caidrimh phoiblí agus seirbhísí dlí, i rith na treimhse 1ú Lúnasa 2003 go dtí 31ú Nollaig 2005.

€944,123.28

Aguisín 1

BALLRAÍOCHT CHOISTE AN CCND AG 31Ú NOLLAIG 2005

Cathaoirleach

Dr Des Corrigan, Dámh na Cógaisíochta agus na nEolaíochtaí Cógaiseolaíochta, Coláiste na Tríonóide

Leas-Chathaoirleach

Dr Mary Ellen McCann, Ceapachán Acadúil

Baill

Dr Joe Barry, Ceapachán Acadúil

Jackie Blanchfield, Uas., Líonra um Chóireáil Dheonach Drugaí

Catherine Byrne, Uas., Roinn Dlí agus Cirt, Comhionnanais agus Athchóirithe Dlí

An tUas. Willie Collins, FSS, Limistéar an Deiscirt

An tUas. Michael Conroy, Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta

Maria Corrigan, Uas., Síceolaí Cliniciúil

An tUas. Tony Geoghegan, Cumann na gComhairleoirí Alcóil agus Andúile in Éirinn

Máiréad Kavanagh, Uas., Líonra um Chóireáil Dheonach Drugaí

Dr Éamonn Keenan, Síciatraí Comhairleach, FSS, Limistéar an Iardheiscirt

An tUas. Cathal Morgan, FSS, Réigiún an Oirthir

An tUasal David Moloney, Roinn Sláinte agus Leanaí

An Ceannfort Barry O 'Brien, Aonad Náisiúnta Drugaí an Gharda Síochána

An tUasal Liam O 'Brien, an Earnáil Phobail

Patricia O'Connor, Uas., Foireann na Straitéise Náisiúnta ar Dhrugaí

Dr Máirín O 'Sullivan, Roinn Oideachais agus Eolaíochta

Anna Quigley, Uas., an Earnáil Phobail

Dr Hamish Sinclair, RTMD, An Bord Taighde Sláinte

Baill an CCND a d'Éirigh As (Lúnasa 2003 – Nollaig 2005)

Dr Derval Howley, Foireann na Straitéise Náisiúnta Drugaí

An tUasal David Keenan, Líonra um Chóireáil Dheonach Drugaí

An tUas. Brian Melaugh, Líonra um Chóireáil Dheonach Drugaí

An tUasal Barry O 'Connor, Roinn Dlí agus Cirt, Comhionnanais agus Athchóirithe Dlí

Kathleen Stack Uas., Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta

Baill na bhFochoistí (Nach bhfuil ar an bPríomhchoiste)

(1) Iarmhairtí:

An tUas. Evan Breen, Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta

(2) Luathrabhadh/Treochtaí atá ag Teacht Chun Cinn:

An tUas. Gerry Hayes, Roinn Dlí agus Cirt, Comhionnanais agus Athchóirithe Dlí

Pauline Leavy Uas., An Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre

An Garda Bleachtaireachta Pat Davis Aonad Náisiúnta Drugaí an Gharda Síochána

Siobhan Stokes Uas., An tSaotharlann Stáit

Dr Daniel O 'Driscoll, An tSaotharlann Eolaíochta Fóiréinsí

An tUasal Tom McGuinn, Roinn Sláinte agus Leanaí

Anya Pierce, Uas., Roinn Tocsaineolaíochta, Ospidéal Beaumont,

An tUasal John Kelly, Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta

Dr Bobby Smith, FSS, Limistéar an Iardheiscirt.

Dr Richie Maguire, Bord an Ionaid Chóireála Drugaí

(3) Leitheadúlacht:

(4) Cosc:

Elaine Butler, Uas., Fóram Oibrithe Oideachais ar Dhrugaí

Cathy Lyons, Uas., Roinn Sláinte agus Leanaí

Sineád Copeland, Uas Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta

Ruby Morrow, Uas., Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann

(5) Cóireáil:

Dr Íde Delargy, Coláiste Dhochtúirí Teaghlaigh na hÉireann

An tUasal John Kelly, Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta

Frances Nangle-Connor, Uas., Seirbhís Phríosúin na hÉireann

Aguisín 2

TÁBLA BALLRAÍOCHTA NA bhFO-CHOISTÍ AG 31Ú NOLLAIG 2005

		Iarmhairtí	L/TTCC	Leitheadúlacht	Cosc	Cóireáil
Dr Des Corrigan	Dámh na Cógaisíochta agus na nEolaíochtaí Cógaiseolaíochta, Coláiste na Tríonóide	✓	✓	✓		
Dr Mary Ellen McCann	Ceapachán Acadúil	✓			✓	
Dr Joe Barry	Ceapachán Acadúil			✓		✓
Catherine Byrne, Uas.	Roinn Dlí agus Cirt, Comhionnanais agus Athchóirithe Dlí	✓		✓		
An tUasal Willie Collins	FSS, Limistéar an Deiscirt		✓	✓		✓
Maria Corrigan, Uas.	Síceolaí Cliniciúil				✓	✓
An tUasal Tony Geoghegan	Cumann na gComhairleoirí Alcóil agus Andúile in Éirinn	✓				✓
Máiréad Kavanagh, Uas.	Líonra um Chóireáil Dheonach Drugaí	✓			✓	
Dr Éamonn Keenan	FSS, Limistéar an Iardheiscirt	✓				✓
An tUasal David Moloney	Roinn Sláinte agus Leanaí		✓	✓		✓
An tUasal Cathal Morgan	FSS, Limistéar an Oirthir					✓
An Ceannfort Barry O'Brien	Aonad Náisiúnta Drugaí an Gharda Síochána	✓		✓		
An tUasal Liam O'Brien	An Earnáil Phobail					✓
Patricia O'Connor, Uas.	Foireann na Straitéise Náisiúnta ar Dhrugaí		✓	✓	✓	
Dr Máirín O'Sullivan	Roinn Oideachais agus Eolaíochta				✓	
Anna Quigley, Uas.	An Earnáil Phobail	✓		✓		
Dr Hamish Sinclair	RTMD, An Bord Taighde Sláinte	✓	✓	✓		✓
An tUasal Evan Breen	Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta	✓				
An tUasal Gerry Hayes	Roinn Dlí agus Cirt, Comhionnanais agus Athchóirithe Dlí		✓			
Pauline Leavy, Uas.	An Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre		✓			
An Garda Bleachtaireachta Pat Davis	Aonad Náisiúnta Drugaí an Gharda Síochána		✓			
Siobhan Stokes, Uas.	An tSaotharlann Stáit		✓			
Dr Daniel O 'Driscoll	An tSaotharlann Eolaíochta Fóiréinsí		✓			

		Iarmhairtí	L/TTCC	Leitheadúlacht	Cosc	Cóireáil
An tUasal Tom McGuinn	Roinn Sláinte agus Leanaí		✓			
Anya Pierce, Uas.	Roinn Tocsaineolaíochta, Ospidéal Beaumont		✓			
An tUasal John Kelly	Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta		✓			✓
Dr Bobby Smith	FSS, Limistéar an Iardheiscirt		✓			
Dr Richie Maguire	Bord an Ionaid Chóireála Drugaí		✓			
Elaine Butler, Uas.	Fóram Oibrithe Oideachais ar Dhrugaí				✓	
Cathy Lyons, Uas.	Roinn Sláinte agus Leanaí				✓	
Ruby Morrow, Uas.	Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann				✓	
Dr Íde Delargy	Coláiste Dhochtúirí Teaghlaigh na hÉireann					✓
Frances Nangle-Connor, Uas.	Seirbhís Phríosúin na hÉireann					✓
Sinéad Copeland, Uas.	Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta				✓	

Aguisín 3

GNÍOMHAÍOCHTAÍ ARNA nÉILEAMH AR AN gCCND FAOIN STRAITÉIS NÁISIÚNTA DRUGAÍ

Sa Straitéis Náisiúnta Drugaí 2001-2008, iarradh ar an gCCND tabhairt faoi na gníomhartha seo a leanas.

98 Staidéir ar an mí-úsáid drugaí i measc na ngrúpaí i mbaol arna n-aithint m.sh. an Lucht Siúil, striapacha, daoine gan dídean, daoine a fhágann an scoil go luath srl. lena n-áirítear sonraí ar na grúpaí seo a dhí-leithscaradh. Tá sé ríthábhachtach go mbíonn teacht ar an bpointe ag na daoine aonair agus na grúpaí is mó a dtéann mí-úsáid drugaí i bhfeidhm orthu agus acu siúd a bhíonn i mbun oibre chun mí-úsáid drugaí a laghdú, a chóireáil agus a chosc, ar eolas ábhartha staitistiúil.

99 Staidéir bhreise ar thorthaí a choimisiúnú, laistigh de shuíomh na hÉireann, chun tionchar reatha na cóireála meatadóin ar shláinte an duine aonair agus ar iompar a sháraíonn an dlí, a dhéanamh amach. Ba chóir go mbeadh staidéir den sórt sin ina n-uirlis thábhachtach agus luach fadtéarmach na cóireála seo á dhéanamh amach.

100 Taighde a dhéanamh ar éifeachtacht na meicníochtaí nua chun a mhinice is a roinntear trealaimh a laghdú m.sh. steallairí neamh-inathúsáidte, áiseanna so-ghluaiste chun steallairí a mhalartú srl. chun an fheidhm a d'fhéadfaí a bhaint as roghanna nua laistigh de chohóirt áirithe den daonra úsaide drugaí a dhéanamh amach .i. i measc mí-úsáideoirí drugaí atá níos óige, laistigh de phríosúin srl.

108 Na moltaí i dTuarascáil 2004 an CCND a chur i ngníomh (Ról Seirbhísí Tacaíochta Teaghlaigh le Drugaí a Chosc), mar atá:

- inniúlacht seirbhísí le freagairt, a mhéadú, trí leibhéal cuí acmhainní agus oiliúna do bhaill foirne i seirbhísí;
- nascanna agus líonraí idir gníomhaireachtaí a láidriú trí eolas ar shaincheisteanna agus dhearcaí áitiúla pobail a mhéadú, rud a fheabhsóidh cumarsáidí; agus
- uirlisí ábhartha monatóireachta agus meastóireachta a fhorbairt chun éifeachtacht seirbhísí a thomhas.

Ba chóir don CCND na TFÁDaí agus TFRDaí a spreagadh go gníomhach chun soláthar seirbhísí teaghlaigh ina limistéir a áireamh mar thosaíocht.

Chun tacú le líonraí tacaíochta teaghlaigh ina n-obair i réimse an tsoláthair fhaisnéise agus cúnaimh do ghrúpaí áitiúla tacaíochta teaghlaigh.